Comhairle Contae Chill Chainnigh, Straitéis do na hEalaíona 2005 – 2009

Clár

Réamhrá

Iniúchadh Ealaíon

Infrastruchtúr

Cuimsitheacht, Pobal & Oideachas

Pobal

Oideachas

Forbairt phroifisiúnta/cleachtóir

Dearscnacht agus Nuálacht

Naisc Chomhpháirtíochta & Togra Maoinithe ag an gComhairle Contae

Infrastruchtúr

Gníomhartha:

Forbairt proifisiúnta/cleachtaitheoir

Gníomhartha:

Cuimsitheacht, Pobal & Oideachas

Gníomhartha:

Dearscnacht agus Nuálacht

Gníomhartha:

Naisc Chomhpháirtíochta & Togra Maoinithe ag an gComhairle Contae

Gníomhartha:

Oifig Ealaíon: Struchtúr & Ról

Ag Caomhnú agus ag Forbairt Oifig na nEalaíon

Gníomhartha:

Faireachán & Luacháil

Gníomhartha:

Acmhainní

Oifig Ealaíon: Struchtúr & Ról

Riaradh Dheontas an Achta Ealaíon

Ag Caomhnú agus ag Forbairt Oifig na nEalaíon

Faireachán & Luacháil

Faireachán

Luacháil

Deiseanna Comhionann

Modhanna luachála

Críoch

Aguisín 1

Inniúchadh Ealaíon –Bunachar Reatha ag Grúpaí Cleachtais

Aguisín 2

Láithreáin atá ann/Infrastruchtúr

RÉAMHRÁ

Tá traidisiún leathan, dearscnach agus beoga ag Cathair agus Contae Chill Chainnigh i réimse na nEalaíon. Is sórt Meice an áit d'aos ealaíon agus dóibhsean a bhfuil spéis acu sa chultúr agus sa chruthaitheacht. Is gné leanúnach iad na hEalaíona i gCill Chainnigh a chuireann go mór le forás thodhchaí sóisialta, cultúrtha, cruthaitheach, eacnamúil agus polaiticiúil Chill Chainnigh. Dá bhrí sin, is den riachtanas go mbeadh fís chomhtháite, fhuinniúil agus réadúil ann ar mhaithe le rathúnas cruthaitheach na nEalaíon san am i láthair agus amach anseo. Tugann an straitéis seo aitheantas don chumas aonair agus don chnuas-chumas a bhaineann leis na hEalaíona, agus tuiscint go gcuireann forálacha Ealaíon oideachas agus cumhacht ar fáil do dhaoine agus go spreagann sé bród i dtimpeallacht an duine. Chuathas i mbun comhchomhairleoireachta go forleathan mar chuid donár gcuid taighde, ag cinntiú gur glacadh ar bord tuairimí agus dearcadh phobal Chill Chainnigh agus leagan amach na nEalaíon á bheartú sna cúig bliana atá amach romhainn.

Murach ár bhfís agus ár samhlaíocht dúchais, an eilimint bhunúsach sin a bhaineann leis an gcine daonna, bheadh an saol leamh agus tur; is gné riachtanach inár saol uile an chruthaitheacht.

Cuirfidh an doiciméad seo creat polasaí cuí ar fáil le gur féidir tacaíocht, spreagadh agus forbairt bhreise a chur ar fáil do na hEalaíona chun an méid is mó is féidir d'fhoráil, rochtain agus rannpháirtíocht sna hEalaíona maraon le fostaíocht agus luach saothair eacnamaíoch a bhaint astu. Cruthóidh sé bunchloch daingean a chinnteoidh comhshaol Ealaíon rathúil agus bisiúil ar féidir cothú agus tógáil air sna blianta a leanfaidh an chéad Straitéis seo. Cuirimid fíorchaoin fáilte roimh an deis seo le cothú, spreagadh agus forás a dhéanamh ar gach gné de na hEalaíona.

An Comhairleoir Ann Phelan, Cathaoirleach ar Choiste Polasaí Straitéiseach 5

agus Mary Butler, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Contae Chill Chainnigh

---

Réamhrá

Tá an chruthaitheacht le tabhairt faoi ndeara i ngach gné de shaol Chill Chainnigh, idir an saothar cloiche agus an ailtireacht chianársa sna hionaid oidhreachta, agus an dearadh agus an cheardaíocht chomhaimseartha agus thraidisiúnta a fhaightear sna dánlanna agus sna stiúideónna dearthóireachta ó cheann ceann an chontae. Is cruthú eile fós ar an traidisiún cruthaitheach seo an iliomad féilte agus imeachtaí a reachtáiltear i rith na bliana.

Tá oidhreacht shaibhir ealaíonta ag Contae Chill Chainnigh maraon le hoidhreacht thábhachtach ailtireachta sna séadchomharthaí cianársa, na hardchrosanna, na lianna, na huaigheanna réamhstaire, na sean-mhainistreacha agus na sean-tithe agus na heastáit thuaithe.

Tá lonnaíocht tar éis a bheith i gCill Chainnigh le ar a laghad 1,500 bliain. Tá Cill Chainnigh faoi scáth dhá shár-fhoirgneamh stairiúil , Caisleán Chill Chainnigh san Oirdheisceart agus Ardeaglais Naomh Caineach san Iarthuaisceart, iad araon suite ar rois agus a n-aghaidh soir ar an Fheoir. D'fhás an chathair mheánaoiseach seo mar dhá bhaile mór teagmhasacha dlúthfhorbartha, an baile Gaelach taobh leis an Ardeaglais agus an phríomhlonnaíocht taobh leis an gCaisleán. Tugadh a stádas don Bhuirg mar Údarás Cathrach scartha ón Chontae sa 17ú haois. Le 25 bliain anuas tá forbairt shuntasach feicthe ag Cathair Chill Chainnigh agus a timpeallacht agus tá cáil anois uirthi mar chathair fhuinniúil, fhorásach le sár-oidhreacht agus bunús cultúrtha an-rathúil.

Leis an bhforbairt seo tháinig méadú ar an daonra le bruachbhailte nua agus ceantair thionsclaíochta ag leathadh isteach i dtimpeallacht Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Táthar ag tuar go leanfaidh méadú na Cathrach agus Máguaird sna blianta atá romhainn amach.

Tá ról iomlánaithe ag na hEalaíona i saol Chill Chainnigh. Ó ghrúpaí pobail áitiúla go mion-fhiontair, ó chleachtóirí aonair go heagraíochtaí náisiúnta, tá stair fhada ag baint le Cill Chainnigh maidir le cothú agus léiriú na nEalaíon sna gnéithe iomadúla a bhaineann leo. Tá céadchodán ard den daonra anois rannpháirteach sna healaíona, sa cheardaíocht agus sa dearadh. Tá lucht cruthaitheachta lonnaithe anois le blianta fada i gCill Chainnigh agus tá oidhreacht shaibhir curtha ar fáil acu don chontae.

Cuireann an straitéis seo roimpi creat polasaí cuí a chur ar fáil le tacaíocht, spreagadh agus forbairt bhreise a dhéanamh ar na healaíona le go mbainfí an cumas is mó is féidir as foráil agus rochtain maraon le rannpháirtíocht agus fostaíocht sna healaíona agus luach saothair eacnamaíoch a bhaint astu.

Ní fhéadfar straitéisí éifeachtúla agus fiúntacha sna healaíona a chur ar fáil ach trí chomhpháirtíocht le pobal na nEalaíon. Is cuid lárnach an ealaíontóir aonair do chur i bhfeidhm éifeachtúil aon straitéis ealaíon agus beidh ról criticiúil aige/aici in aon fhorbairtí san earnáil sa todhchaí. Tá réimse leathan gníomhaíochtaí ealaíon i gCill Chainnigh lena n-áirítear amharclann, pictiúrlann, anamúlacht, na saorealaíona, scríbhneoireacht, ceardaíocht, ceol claisiceach, rac-cheol, pop-cheol, ceol traidisiúnta, rince, féilte, ceardlanna ealaíne agus fiontair oideachasúla.

Tugann an straitéis seo an deis dúinn luacháil a dhéanamh ar staid na hearnála mar atá agus conas is fearr is féidir leis an údarás áitiúil i gCill Chainnigh cuidiú le forbairt na nEalaíon sa todhchaí. Is cúram dúshlánach agus práinneach é seo. Tá cáil stairiúil ar Chill Chainnigh i leith na nEalaíon agus an chultúir agus feictear go mb'fhéidir go bhfuil sé níos mó chun cinn ina straitéis Ealaíon ná mar atá mórán tíortha eile. Maraon leis seo cuireann sé an teachtaireacht amach i gcúrsaí turasóireachta gurb é 'croílár na cruthaitheachta in Éirinn' é. Is mó ceantar a bheadh in éad le cultúr ealaíne Chill Chainnigh. Ní féidir leis an gcontae, áfach, an earnáil seo a choimeád beo agus é ag tarraingt ar a cháil amháin. Ní mór tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do chleachtóirí nua atá ag teacht ar an bhfód. Caithfidh na cleachtóirí atá ann cheana féin maireachtaint agus feidhmiú i láithreán margaidh atá ag méadú i gcomórtasacht agus ina bhfuil caighdeáin agus sainiúlacht mar thosca criticiúla chun rathúnais. Ní mór do lucht cleachtais agus geallshealbhóirí araon a bheith i gcónaí i mbun nuálachta leis na caighdeáin a choimeád agus a fheabhsú laistigh den earnáil le go mbeadh rathúnas ar an duine aonair agus ar an iomlán.

Ní mór fís chomhtháite, fhuinniúil agus réadúil a bheith mar chroílár do rathúnas cruthaitheach na nEalaíon mar atá agus mar a bheidh i gCill Chainnigh. Is tosca criticiúla iad infrastruchtúr, forbairt phroifisiúnta agus traenáil d'inmharthanacht na nEalaíon sa todhchaí i gCill Chainnigh. Ceist lárnach freisin í ról, maoiniú agus tacaíocht leanúnach Oifig na nEalaíon féin.

Is í móraidhm na straitéise seo ná comhtháthú agus neartú a dhéanamh ar earnáil na nEalaíon i gCill Chainnigh ar bhealach atá praicticiúil agus intomhaiste. Cuireann an straitéis roimpi freisin na luacha lárnacha atá mar bhunchloch ag na hEalaíona i gCill Chainnigh a chur i dtuiscint agus a fhorbairt níos mó.

Cuireann an straitéis seo roimpi ionadaíocht a dhéanamh ar son lucht cleachtais agus príomhriachtanaisí forbartha san earnáil a aithint agus a chur i dtuiscint. Is é an cuspóir lárnach atá ag an straitéis seo agus an phríomhfheidhm atá ag an Oifig Ealaíon ná:

Earnáil na nEalaíon i gCill Chainnigh a neartú agus a chothú, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do lucht cleachtais nua agus dóibh sin gur ann dóibh cheana féin, an chruthaitheacht, an nuálacht agus dearscnacht a spreagadh agus rannpháirtíocht agus meas an phobail a mhéadú sna hEalaíona.

Iniúchadh Ealaíon:

Dhein Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh suirbhé i measc lucht cleachtais i rith 2003 ar mhaithe lena aithint:

- an líon de chleachtóirí ag feidhmiú ar fud na cathrach agus an chontae*
- an réimse agus an scála a bhain lena gcuid fiontar
- a gcuid riachtanaisí forbartha traenála agus proifisiúnta
- na ceisteanna lárnacha nár mhór don straitéis ealaíon seo aghaidh a thabhairt orthu.

Cuireadh ceistneoir sa phost chuig breis is 500 duine, orthu sin bhí lucht cleachtais lán-aimseartha, idir ealaíontóirí, lucht déanta, ceoltóirí agus scríbhneoirí bunaithe sa chontae. Bhí 15 ceist ar fad sa suirbhé a raibh tic-bhosca nó sea/ní hea mar fhreagra ag gabháil leo. Áirítear san eolas a bailíodh ón suirbhé seo faisnéis i dtaobh aoisghrúpa, inscne, dúchas, oideachas agus rannóg ioncaim na gcleachtóirí maraon le heolas ar riachtanaisí airgeadais, méine agus traenála. Tá bunachar eolais curtha

ar fáil ag an iniúchadh seo freisin don Oifig Ealaíon atá cruinn agus tráthúil maidir le cleachtóirí atá ina gcónaí agus ag obair sa chathair agus sa chontae.

* Féach Aguisín 1

Mar thoradh ar an obair a bhí déanta roimh cheapadh an Oifigigh Ealaíon reatha, maraon leis an iniúchadh Ealaíon agus an chomhchomhairleoireacht le páirtnéirí, an pobal go ginearálta agus grúpaí bainteacha éagsúla, tá ceisteanna atá croílárnach éirithe. Is iad na ceisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu maidir leis an straitéis seo ná:

- Infrastruchtúr
- Forbairt lucht cleachtais/proifisiúnta
- Cuimsitheacht, Pobal & Oideachas
- Dearscnacht agus Nuálacht
- Naisc Chomhpháirtíochta & Tograí maoinithe ag an gComhairle Contae
- Príomhghníomhaíochtaí
- Oifig Ealaíon: Struchtúr & Ról
- Ag inbhuanú agus ag Forbairt na hOifige Ealaíon

- Faireachán agus Luacháil

- Críoch

Infrastruchtúr

Tá réimse maith ginearálta d'ionaid taispeántais agus léirithe i gCill Chainnigh. Tá cóiríocht sa chathair agus sa chontae do chompántais, grúpaí, d'imeachtaí agus do dhaoine aonair a chuireann le mórchultúr ealaíon.

Tá sé le rá ag Cill Chainnigh go bhfuil dhá spás aige atá faoi bhainistíocht na Comhairle d'fhís-thaispeántaisí, is iadsan an Watergate 'Gallery Upstairs', Halla an Chontae agus 72 Sráid Eoin. Cuireann an 'Gallery Upstairs' agus Halla na Cathrach idir sé agus dosaen taispeántas sa bhliain ar siúl agus an fócas acu ar thaispeántais aonair, grúpa agus pobail. Is ionad nua an-suntasach é 72 Sráid Eoin mar spás Oifige Ealaíon, atá faighte le déanaí. Úsáidfear é seo freisin mar spás do thaispeántaisí, do chónaitheacht, mar spás ceardlainne agus gníomhaíochta. Ar na hionaid neamhspleácha eile tá Dánlann Butler a bhfuil cáil dhomhanda air, Teach Rothe, An Dánlann Náisiúnta Ceardaíochta (Comhairle Ceardaíochta na hÉireann), leabharlanna na cathrach agus an chontae, Dánlann Ealaíne Chill Chainnigh atá suite sa chathair agus Dánlann Berkeley i mBaile Mhic Andáin. Ar na hionaid cheoil agus amharclainne tá Ardeaglais Naomh Caineach, Ardeaglais Naomh Muire, Teach Rothe, Páirc Uí Nualláin, Amharclann Watergate, Aimfitéatar Bhaile Uí Chaoimh, Mainistir Dhubhuisce i nGráig na Manach agus Halla Castalia i gCalainn. Tá aitheantas ar bhonn náisiúnta agus áitiúil ag an gCompántas Amharclainne 'Barnstorm' toisc na hoibre a dhéanann siad i dtaobh amharclannaíocht do pháistí. Tá Túr an Pharáid i gCaisleán Chill Chainnigh oiriúnach do réimse imeachtaí ó chruinnithe ceoil, amharclainne agus scannáin go cruinnithe agus comhdhálacha. Is ionad

traidisiúnta iad na tithe tábhairne do cheol, d'amharclannaíocht agus do ghreann agus orthu seo tá tábhairní Cleere, Uí Riain, Anna Conda, an Pump House, Kyteler's Inn agus Langtons.

Maraon leo seo tá gairdíní Chaisleán Chill Chainnigh, caiféanna, na sráideanna, láithreáin tráchtála folamha, leabharlanna, bainc, scoileanna agus ionaid phobail ann mar láithreáin fháilteacha phoiblí do thaispeántaisí, d'imeachtaí pobail agus do cheardlanna.

Tá príomh-fhiontar infrastruchtúrtha darb ainm 'Endangered Studios' seachadta ag Oifig Ealaíon Chill Chainnigh, go díreach mar thoradh ar na riachtanais shoiléire a d'aithin an iniúchadh ealaíon. Dhearbhaigh an iniúchadh go n-úsáideann formhór na n-ealaíontóirí/cleachtóirí spásanna baile ar nós spás garáiste, seomraí codlata spártha nó gairdíní. D'fhéadfadh spásanna baile á n-úsáid mar seo srian láidir a chur leis an scóp agus an méid oibre gur féidir tabhairt faoi agus is féidir leis teora síceolaíochta a chur leis an obair.

Cruthaíodh spás stiúidió nó gorlainne d'ealaíontóirí/cleachtóirí nua san 'Endangered Studios' i gcomhar le Chesterbridge Developments, comhlacht forbartha tógála náisiúnta agus na Ceantálaithe Douglas Newman Good. Baineadh leas as seilbh tráchtála le stórtheach fairsing agus spás lasmuigh nach raibh in úsáid. Ar na fiontair uathúla ar an láithreán bhí trí thogra gearrthéarmach do Mhic Léinn HND agus ó Choláiste Ealaíon Urmhumhan, Cill Chainnigh maraon le suiteálacha sainiúla láithreáin agus cónaitheacht do dhaltaí dealbhadóireachta dara bliana ón Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearthóireachta i mBaile Átha Cliath. Chruthaigh an t-ionad seo spás fíor-luachmhar stiúideó/ceardlainne do naonúr ealaíontóir áitiúil. Cuireadh deireadh leis na cónaitheachtaí, áfach, ós rud é go bhfuil athfhorbairt tráchtála le déanamh ar an láithreán.

Leanfar ar aghaidh de bheith ag úsáid na hOifige nua Ealaíon ag 72 Sráid Eoin mar áit leanúnach do thaispeántaisí, cónaitheachtaí

gearrthéarmacha, ceardlanna agus ionad cruinnithe. Beidh fiontair nua sa chontae mar acmhainní fíorluachmhara freisin. Cuirfidh an Mhainistir i gCalainn áiseanna cruthaitheacha, naíolainne agus TF ar fáil don phobal áitiúil. Tá maoiniú BFC faighte le déanaí ag Baile Mhic Andáin ag céim fhéidearthachta le hIonad Ealaíon a chruthú. Tá Coiste Chill Chainnigh do Thalann Ealaíon, nó KCAT ag feidhmiú go rathúil le 5 bliana agus cuireann sé cláracha cuimsitheacha ealaíon agus oideachais aosach ar fáil. Tá maoiniú ACCESS faighte aige le déanaí d'uasghrádú agus athfhorbairt a láithreáin mar atá i gCalainn. Áireofar spás dánlainne san athfhorbairt seo. Tá athfhorbairt á déanamh faoi láthair ar Mhainistir Chalainn trí pháirtnéireacht údarás áitiúil agus pobail; san fhorbairt chríochnaithe beidh spás taispeántais poiblí. Tá spásanna gorlainne/stiúideó solúbtha ar fáil anois i bhforbairt thráchtála a críochnaíodh le déanaí i gCaisleán an Chumair.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh ag críochnú pleananna d'fhorbairt ionad do'scríbhneoirí cónaitheacha' i sráidbhaile Ghleann Mór. Is gá athchóiriú ó bhonn a dhéanamh air an seanteach cóiste seo atá díomhaoin. Tá fonn láidir ar ghníomhaireacht fhorbartha áitiúil thuaithe Ghleann Mór (ag a raibh smacht roimhe seo ar an bhfoirgneamh) go n-ath-fhorbrófaí an foirgneamh ar bhealach cruthaitheach.

Níl an spás ró-mhór, tá sé leithleach, príobháideach, síochánta ach fós níl sé iargúlta mar go bhfuil sé suite i ngiorracht tiomáint cheathrú uaire do Chathair Phort Láirge agus Ros Mhic Treoin.

Cuireann Ionad Tyrone Guthrie i gContae Mhuineacháin spás ar fáil faoi láthair d'ealaíontóirí físiúla, scríbhneoirí agus do cheoltóirí le cruthú, forbairt agus críochnú a dhéanamh ar a gcuid oibre. Creidtear, áfach, go mbeidh Ionad Ghleann Mór mar an t-aon spás iomlán neamhspleách do scríbhneoirí amháin ('sé sin, nach mbeidh ceangailte le 'hionad' nó le 'háiteanna cónaithe' ar bith eile). Maoineoidh an tIonad é féin le hairgead a gheobhfar trína chónaitheachtaí. Táthar ag súil go gciallóidh

a theagmhas tíreolaíochta do chontaetha in aice leis go mbeidh méadú ar an líon fiontar eadar-chontae.

Cloífidh aon fhiontair infrastruchtúrtha de chuid na hOifige Ealaíon nó an údaráis áitiúil leis na treoirlínte náisiúnta ar mhíchumas agus ar chúrsaí comhshaoil. Trí naisc chomhpháirtíochta agus fiontair le gnóthaí áitiúla maraon le heagraíochtaí eile, is féidir an t-infrastruchtúr ealaíon i gCill Chainnigh a neartú trí dhaoine aonair, eagraíochtaí agus gnóthaí tráchtála go bhfuil ceangal acu le dearadh, ceardaíocht agus dearscnacht cruthaitheachta a spreagadh le cur fúthu sa chathair. Is sampla praicticiúil den sórt seo comhfhuinnimh é go bhfuil iarscoláirí agus cleachtóirí ó institiúid tríú leibhéal ag roghnú cathair agus contae Chill Chainnigh mar áit chónaithe dóibh féin.

Tá gá aitheanta ann faoi láthair le hionad nach mbeadh rómhór sa chontae, a mbeadh solúbthacht ag baint leis, leis an iliomad rólanna a chomhlíonadh, cuir i gcás spás a chruthú do ghrúpaí pobail, rince, cleachtadh bannaí, cleachtadh amharclainne, áiseanna stórais, srl.

Tá plean nua ceantar áitiúil á ullmhú do chathair Chill Chainnigh faoi láthair. Táthar ag dul i ngleic le ceist spás cuimsithe ealaíon a sholáthar laistigh de théarmaí tagartha an phlean seo.

Tá cóiríocht áirithe i bhforbairt cathrach eile nach bhfuil fós ach ag céim a mholta do Dhánlann Ealaíne maraon le spás do thaispeántaisí, léirithe agus cultúr pobail.

Táthar ag súil go gcuideoidh an Straitéis Ealaíon seo le cruth a chur ar mhóraidhmeanna agus cuspóirí aon soláthar nó acmhainní infrastruchtúrtha a bheidh i gCill Chainnigh amach anseo.

Cuimsitheacht, Pobal & Oideachas

Tugtar faoi cheist na cuimsitheachta de ghnáth trí riachtanaisí agus ceisteanna rochtaine a aithint agus a réiteach do ghrúpaí atá faoi dhíbhuntáiste inár sochaí. Agus cuimsitheacht á plé, áfach, i gcomhthéacs na nEalaíon, is téarma uileghabhálach a bhíonn i gceist. Baineann cuimsitheacht sna hEalaíona le cumhacht agus spreagadh a thabhairt do gach duine aonair agus do gach grúpa a bheith rannpháirteach: ó oibrithe deonacha go lucht cleachtais agus mic léinn, ó lucht éisteachta go grúpaí leasmhara. Creidimidne gur cheart go mbeadh aird á dhíriú ag ealaín atá pobal-bhunaithe agus lán-chuimsithe, ar an bpróiséas seachas díreach ar an tairge agus a thoradh.

Ceann de na samplaí praicticiúla is fearr den choincheap seo i ngníomh é an togra 'Postcards from the Edge' (2004) gur éirigh thar barr leis, go bhfuarthas 4,000 iontrálacha dó ó lucht glactha a bhí áitiúil don chuid ba mhó, ach freisin a tháinig ó bhonn náisiúnta agus fiú, idirnáisiúnta. D'eisigh an Oifig Ealaíon preasráitisí agus mionsonraí taispeántais ag lorg 1,500 gnáthchárta poist agus cártaí sínithe a d'fhéadfaí a mhaisiú nó ghreannadh ar aon bhealach. Cuireadh na cártaí seo ar taispeáint ina dhiaidh sin sa Nasc-Dhorchla i Halla an Chontae. I measc na n-iontrálacha bhí cinn proifisiúnta agus amaitéaracha, teachtaireachtaí simplí scríofa, obair chniotáilte, ola, srl. Roghnaigh na moltóirí 50 cárta poist a cuireadh ar ceant ina dhiaidh sin díreach ar mhaithe lena bhfiúntas físiúil (ar íosluach de €2 an ceann) agus baineadh leas as an airgead ar mhaithe le Lá Ealaíne do Pháistí i gcathair agus i gcontae Chill

Chainnigh. Roghnaíodh cárta poist buacach agus chlóigh John Hinde Teo. 500 cóip de mar chuid dena gcuid urraíochta ar an gcomórtas.

Mar shampla eile de phríomhfhiontar i réimse na cuimsitheachta agus na rochtaine bhí an chomhchomhairleoireacht leis an bpobal, ar chuathas ina bhun go luath i 2004. Rinneadh chomhchomhairleoireacht fhorleathan le lucht cleachtais ('sé sin an iniúchadh ealaíon) agus leis an bpobal trí chéile chun go gcuideodh a gcuid tuairimí le cruth agus treoir a thabhairt don straitéis reatha seo.
Tá margaíocht á déanamh ar Chill Chainnigh mar 'Chroílár Cruthaitheachta na hÉireann', go háirithe in earnáil na turasóireachta. Dá bhrí sin tagann turasóirí anseo agus súil acu go bhfaighidh siad saibhreas imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíon sa chathair agus sa chontae. Maraon leis seo tá an príomh-riachtanas infrastruchtúrtha go mbeidh dánlanna, siopaí, caiféanna srl. ar fáil os rud é gur minic iad seo a bheith chomh tábhachtach don chuairteoir leis an 'ealaín' féin. Is den riachtanas go bhfreastlófaí ar na mianta seo mar go mbraitheann mórán d'eacnamaíocht an chontae ar na hEalaíona.

Fiafraíodh den phobal, dar leo, an raibh cúrsaí ealaíon i gCill Chainnigh ag freagairt don mian seo. Maraon leis seo iarradh orthu luacháil a dhéanamh ar oiriúnacht na rochtaine agus na n-áiseanna. Baineadh úsáid as ionaid shó, oifigí poist, leabharlanna, séipéil, siopaí, ionaid oibre, íoclanna dochtúra agus fiaclóra, ionaid phobail agus coláistí le cártaí SAORPHOST a dháileadh le ráitisí/tuairimí a chnuasach le tabhairt ar ais chuig an Oifig Ealaíon mar ar cuireadh i dtoll a chéile iad.

Cé go raibh toradh an-dearfach ar fad ar thionscnaimh ar nós 'Postcards from the Edge' agus *Croílár Cruthaitheachta na hÉireann* mar sin féin faightear an tuairim ón Iniúchadh Ealaíon agus ón

gcomhchomhairleoireacht leanúnach go bhfuil fuarchúis agus easpa tacaíochta ann do na hEalaíona i measc roinnt earnálacha den phobal. Feictear do mhórán daoine gur rud eisiach agus do-fhála é earnáil na nEalaíon.

Tá an Oifig Ealaíon, i gcomhpháirtíocht le grúpaí eile, ag obair lena leithéid de thuairimí a dhíbirt.

Ar na tionscnaimh phraicticiúla chuige seo tá:

- Leas a bhaint as suíomh idirlín na Comhairle Contae le heolas, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt. Táthar ag súil le leas breise a bhaint as cumas an tsuímh idirlín agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hainmneacha fearainn ar leis an Chomhairle iad. Faoi láthair tugann an Oifig Ealaíon a chuid féin suas chun dáta faoi dhó sa bhliain le heolas ar litríocht, ealaín fhísiúil, deiseanna ceoil, comórtaisí, taispeántaisí, sparántachtaí, bronntaí d'ealaín phoiblí, eolas ginearálta srl. Seoltar eolas sa phost ar bhonn rialta freisin chuig an lucht cleachtais uile atá ar bhunachar eolais an Iniúchadh Ealaíon (Féach Aguisín 1).
- Colún rialta sa nuachtán réigiúnach áitiúil, The Kilkenny People, ag léiriú altanna a bhaineann le gnáthshaol an phobail agus na n-ealaíontóirí.
- Agallaimh raidió le cleachtóirí áitiúla/ar cuairt, le mic léinn, foireann na hOifige Ealaíon, ceoltóirí, grúpaí pobail srl.
- Ag braith ar líon fóirne, táthar ag súil le nuachtlitir ráithiúil a bheadh bunaithe ar an idirlíon a chur ar fáil a rianfaidh deiseanna traenála, spásanna ceardlainne, eolas i dtaobh mhaoinithe, imeachtaí agus taispeántaisí a bheidh ag teacht aníos, nuacht náisiúnta, srl.

An Pobal

Tá caighdeán uathúil saoil ag lucht cleachtais de gach cineál agus oibríonn siad go traidisiúnta ar bhealach a phréamhaíonn iad ina bpobal áitiúil. Is féidir buntáiste mór a bhaint as an bhfíric seo. Meallfaidh ceardlanna agus stiúideónna daoine isteach i bpobal nach dtabharfaidís cuairt air seachas iad, agus beidh tairbhe mór anseo don phobal. Is féidir le healaíontóirí féin mórán a dhéanamh freisin le hoideachas agus spreagadh a dhéanamh ar rochtain an phobail do na hEalaíona agus d'fhiontair ar nós ceardlanna intí/cainteanna agus tabharfar spreagadh gníomhach do chláracha for-rochtaine freisin.
Tá leas éifeachtach á bhaint ag an Oifig Ealaíon agus ag grúpaí eile as an-chuid láithreán ar fud na tíre. Tá cuid de na láithreáin is uathúla, is stairiúla agus is sainiúla ceoil agus amharclainne atá i gCill Chainnigh laistigh de cheantair thuaithe.

Bhí ceiliúradh 800 Mhainistir Dhubhuisce ann i 2004 lenar áiríodh sraith de cheolchoirmeacha. Tá ceolchoirmeacha Dhubhuisce á reachtáil le 13 bliana agus d'fheidhmigh an Mhainistir freisin mar chúlra drámata do cheann de Sraith na Páise, an 'Céasadh Gorm', le Hughie O'Donoghue. Cruthaíodh saothar coimisiúnaithe eile le Hughie O'Donoghue don Mainistir i gCalainn ag an am céanna. Tá cabhair tugtha ag Cumann Seandálaíochta Chill Chainnigh, le caoga bliain anuas, le caomhnú na nEalaíon i gCill Chainnigh trí phéintéireachtaí, priondaí, grianghrafanna agus ceardaíocht a chnuasacht a úsáideadh agus a cruthaíodh nó a bhain leis an gcathair nó an contae. Tá teacht ag an bpobal ar a gcnuasacht Saorealaíon agus Ceardaíocht tríd an iarsmalann i dTeach Rothe. Léiríonn a leithéidí seo níos mó fós an tábhacht a bhaineann leis na hEalaíona agus lenár n-oidhreacht agus mar a réitíonn siad lena chéile. I Halla Castalia tá an Steinway ar leis an Chomhairle Contae é agus reachtáiltear go leor ceolchoirmeacha clasaiceacha ann.

Baineann Féile Ealaíon Chill Chainnigh leas an-éifeachtach as na hionaid éagsúla ar fud an chontae. I 2004 bhí Teach agus Gairdíní Woodstock in Inis Tíóg mar ionad do cheolchoirm chlaisiceach agus taispeántas tine ealaíne. Arís fós, tarraingíonn na hEalaíona aird ar láithreáin uathúla stairiúla agus ar ár n-oidhreacht, mar a sholáthraíonn siad láithreáin fhoirfe dona leithéid d'imeachtaí ealaíon. I rith na Féile, úsáidtear freisin na leabharlanna áitiúla le himeachtaí do pháistí a reachtáil, ar nós ceardlanna scéalaíochta, puipéidóireachta, fíodóireachta srl. Úsáidtear tailte Chaisleán Chill Chainnigh do shuiteálacha móra i rith na Féile. Bhí Coiréal Bhaile Uí Chaoimh mar láithreán le déanaí do cheolchoirm thraidisiúnta leis an ngrúpa 'Kila', a thionscnaigh Féile Chill Chainnigh.
Is fiontar a bhfuil ardmheas air agus atá aitheanta go hidirnáisiúnta é 'Dealbhadóireacht i gCeannanas' atá tar éis áit dhearfa a aimsiú do shráidbhaile Cheannanais ar léarscáil na nEalaíon. Le cabhair leanúnach ón bpobal áitiúil leanann an imeacht bhliantúil seo de bheith ag dul ó neart go neart.
Tríd an bhfócas a aistriú ó láithreáin chathrach go láithreáin chontae táthar ag súil go spreagfar chun gnímh agus go dtabharfar gríosadh do lucht cleachtais agus lucht féachana araon ó cheann ceann an chontae.
Ar na tionscnaimh atá pobal-bhunaithe freisin tá ceardlanna i leabharlanna, léamh filíochta agus spás taispeántais do ghrúpaí pobail áitiúla, scoileanna agus daoine aonair. Braitheann mórán de na tionscnaimh seo ar úsáid a bhaint as acmhainní agus láithreáin atá ann cheana féin. Le breis saineolais, foireann oibre agus acmhainní maoinithe áfach, maraon le fócas pobail breise, creideann an Oifig Ealaíon gur féidir úsáid níos forleithne a bhaint as na láithreáin atá ann cheana féin i rith na bliana ar fad. Ar na tionscnaimh eile beidh breis úsáide á mbaint as na leabharlanna, foirgintí bainc, láithreáin mhiondíola srl. agus an aidhm leis na himeachtaí 'fáiltigh roimh ealaíontóir' an mhistéir a bhaint

as na hEalaíona agus an bonn atá faoin lucht féachana i gCill Chainnigh a leathnú.

Leathnaigh agus feabhsaigh eispéaras elaaíon na ndaoine óga sna hearnálacha oideachasúla foirmeálta agus neamhfhoirmeálta

(Plean Gníomhaíochta na Comhairle Ealaíon 2004)

Oideachas

Aithníonn an Oifig Ealaíon an tábhacht a bhaineann le spreagadh agus gríosadh na nEalaíon ón leibhéal réamhscoile tríd gach céim den timthriail oideachais. Tá seirbhís chigireachta ealaíon ar fáil go lárnach ar bhonn náisiúnta, maraon le tacaíochtaí eile ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar nós chúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí. Tá dhá fhiontar tábhachtacha a seachadtar ar bhonn áitiúil, is iad sin an 'Clár Comhlánaithe Scoile' agus 'scileanna speisialta leabharlainne leis an léitheoireacht a chur chun cinn' (faoi choimirce an Choiste Gairmoideachais). Leanfaidh an tOifigeach Ealaíon de bheith páirteach le agus ag obair le lucht teagaisc ar bhealach comhairlitheach.

Tá naisc le hinstitiúid tríú leibhéal ar bhonn áitiúil agus náisiúnta araon, forbartha go maith agus táthar ag dul sa tóir go gníomhach ar naisc eile dá leithéid (féach cuid i dtaobh Naisc Chomhpháirtíochta). Maraon leis seo cuireann an Oifig Ealaíon ar fáil cúrsaí bliantúla ar chnuasach fóilió/cur i láthair leis an aistriú ó oideachas dara leibhéal go tríú leibhéal a éascú.

Mar a tharlaíonn i gceantair eile cathrach agus tuaithe, tá foireann oibre agus foireann atá ceaptha ag freastal ar Chill Chainnigh a bhfuil sé mar dhualgas orthu na hEalaíona a chur chun cinn tríd an oideachas. Táthar ag dul sa tóir go gníomhach ar thionscnaimh naisc agus

comhpháirtíochta le go seachnófaí dúbláil na hiarrachta agus chun bunachar scileanna a úsáid atá ag feidhmiú go rathúil cheana féin.

Dreasachtaí a chur ar fáil d'ealaíontóirí atá ar chaighdeán suntasach le forbairt go healaíonta

(Plean Gníomhaíochta na Comhairle Ealaíon 2004)

Gradaim agus Sparántachtaí

Tá roinnt ghradam agus sparántachtaí beartaithe ag an Oifig Ealaíon a chuirfear ar fáil i gcomhar leis an údarás áitiúil agus gnóthaí áitiúla.

Grúpaí (Pobal)
Gradaim 'téigh & féach' le cuairt a thabhairt ar thograí cosúil leo sin a bhfuil siad ina mbun/ar tí a bhunú. Cuirfear deontaisí ar fáil do 'Threoraithe' le cuairt a thabhairt ar thograí náisiúnta cosúla agus le go bhfoghlaimeoidis dea-chleachtas astu.

Daoine Aonair

Cuirfear airgead traenála ar fáil do dhaoine aonair le go bhféadfaidis oibriú ar 'phrintíseacht' le scileanna ar nós bainistiú stáitse, dearadh, bainistiú togra srl. a fhoghlaim ó eagraíochtaí áitiúla atá bunaithe. Cuirfidh na heagraíochtaí a bheidh páirteach duine nó beirt dá bpríomhdhaoine ar fáil i rith na printíseachta seo le cuidiú leis an bhfoghlaim.

Daoine Aonair a bhaineann leis na Fís-Ealaíona

Ag cur taighde agus moltaí le chéile

Cuid 1- Cuirfear airgead ar fáil le cuairt a thabhairt ar 3 ionad agus é ar intinn moladh a chur le chéile do thaispeántas náisiúnta nó idirnáisiúnta. Cuirfear cabhair phraicticiúil agus airgead ar fáil freisin le moladh proifisiúnta a chur le chéile.
Cuid 2- Má éiríonn leis an moladh, cuirfear cabhair ar fáil freisin leis na costaisí a bhaineann leis an togra a chur ar stáitse.

Gach Meán, Daoine Aonair

Taisteal agus táillí.
Tacaíocht le freastal ar chomhdháil, seimineár nó ardrang a bheadh bainteach lena gcleachtas, pé acu fís-ealaíona, litríocht, drámaíocht, ceol srl.

Sparántacht Tyrone Guthrie

Riarann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh sparántacht do chónaitheacht coicíse in Ionad Tyrone Guthrie.

Feabhas a chur ar chumais fhorbartha proifisiúnta, bainistíochta agus eagraíochtúla

(Plean Gníomhaíochta na Comhairle Ealaíon 2004)

Forbairt proifisiúnta/cleachtais

Teastaíonn ó fhormhór na gcleachtóirí slí bheatha a dhéanamh dóibh féin as a gcuid oibre. Is dúshlán leanúnach é do lucht ealaíon an cuisle cruthaitheach, ceannas ar dhearadh agus teicníc a láimhseáil agus ag an am céanna freastal ar an riachtanas airgeadais a bhíonn acu. Mar ealaíontóirí, bíonn scileanna fíor-luachmhara cheana féin acu ar nós neamhspleáchas, dianseasamhacht, fócas ar mhargadh, inoiriúntacht srl.

Feidhmíonn lucht cleachtais anois, áfach, i dtimpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta atá fíor-chomórtasach. Tá tagairt déanta ag an lucht cleachtais uile don ghá atá ann le tacaíochtaí ó thaobh traenáil phroifisiúnta, forbairt phearsanta agus eolas ar an tionscal a chur ar fáil dóibh. Is den riachtanas iad traenáil agus tacaíochtaí sprioc-dhírithe agus inrochtaineach a bheith ar fáil le hinmharthaineacht an tionscail a chinntiú. Cuirtear béim shoiléir faoi láthair sa pholasaí náisiúnta oideachais

ar fhoghlaim saoil le go bhféadfadh daoine freastal ar a gcuid riachtanaisí sciliúla ag gach céim dá ngairm bheatha.

Le go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo, tá gníomhaíochtaí sainiúla á seachadadh, lena n-áirítear:

- Cúrsaí d'fhorbairt phroifisiúnta bunaithe ar theoiric do lucht cleachtais. Pléifidh na modúil le réimsí sainiúla ar nós stádas féin-fhostaithe, saoirse cánach, scríobh moltaí, ag cur iarratas isteach ar mhaoiniú, luacháil, foilsiú srl.
- Ceardlanna praicticiúla a chlúdaíonn na fís-ealaíona, litríocht, ceol agus meáin eile
- Meantóireacht, cainteanna, seisiúin díospóireachta i gcomhar leis an gclár cónaitheachta
- Díospóireachtaí, seimineáir, pléití MOOT. 'Séard is MOOT ann ná tionscnamh comhpháirtíochta idir Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Dánlann Butler agus cuireann sé fóram ar fáil do dhíospóireachtaí cumhachtacha, dírithe, spreagúla agus oideachasúla ar réimse leathan topaicí ealaíon agus cultúrtha
- Abhcóideacht, comhairle agus tacaíocht leanúnach ón Oifig Ealaíon don lucht cleachtais uile.

Dearscnacht agus Nuálacht

Áis Chultúrtha Chuimsitheach Chill Chainnigh

Tá údaráis áitiúla Chill Chainnigh agus Dánlann Butler ag fiosrú na féidearthachta a bhainfeadh le bunú Áis Chultúrtha Chuimsitheach do Chill Chainnigh, a d'áireodh ealaín chomhaimseartha Dhánlann Butler agus iarsmalann atá molta.

Tá eagraíochtaí bainteacha ar nós Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Bhuirge Chill Chainnigh; Bord Dhánlann Butler; An Chomhairle Oidhreachta; An Chomhairle Ealaíon; An Iarsmalann Náisiúnta agus an Chomhairle Cheardaíochta tar éis a bheith páirteach i réamh-phlé. Táthar ag súil go neartóidh an áis atá molta ionannas cultúrtha na healaíne, na hoidhreachta agus na dearthóireachta maraon leis na hearnálacha oidhreachta agus fís-ealaíon i gCill Chainnigh.

Méadú ar ról pháirtnéirí agus urraitheoirí eile ar mhaithe le hinmharthanacht na nEalaíon ar bhonn áitiúil

(Plean Gníomhaíochta na Comhairle Ealaíon 2004)

Naisc chomhpháirtíochta & Tograí maoinithe ag an gComhairle Contae

Aontaíonn an Oifig Ealaíon leis na grúpaí seo a leanas agus déanann a dícheall le hoibriú leo:

Institiúid 3ú leibhéal (contae agus eadar-chontae)
Grúpa B.N.S LEADER (cathair-bhunaithe, ag cur chun cinn tionscnaimh thuaithe)
Aimfitéatar Bhaile Uí Chaoimh (contae-bhunaithe)
Amharclann Barnstorm (cathair-bhunaithe)
Cat Laughs (cathair)
Féile Cheilteach (cathair agus contae)
Áiseanna Cúraim Linbh (cathair agus contae)
Ceolchoirmeacha Dhubhuisce (contae-bhunaithe)
Éigse Sliabh Rua (contae)
Muileann Grennan, Baile Mhic Andáin (contae)
Daoine Aonair (cathair agus contae)
Naisc inmheánacha údaráis áitiúil – comhshaol, leabharlanna, páirceanna agus gairdíní, pobal agus fiontar srl. (cathair agus contae)
KCAN (cathair)
KCAT (contae)

Féile Ealaíon Chill Chainnigh (cathair agus contae)
Club ceoil Chill Chainnigh (cathair agus contae)
Turasóireacht Chill Chainnigh (cathair agus contae)
N.C.A.D. (náisiúnta)
Forbairt nua Dhánlann Butler agus Iarsmalann/Áis Chuimsitheach Chultúrtha (cathair-bhunaithe)
Coláiste Ealaíne agus Dearthóireachta Urmhumhan (cathair-bhunaithe)
Céatadán do Scéim Ealaíne – (cathair agus contae)
Bunscoileanna (cathair agus contae)
Rhythm and Roots (cathair-bhunaithe)
Teach Rothe (cathair-bhunaithe)
Scoil an Cheoil (cathair-bhunaithe)
Dealbhadóireacht i gCeannanas (contae-bhunaithe)
Meánscoileanna (cathair agus contae)
Dánlann Butler (cathair-bhunaithe)
Amharclann Watergate (cathair-bhunaithe)
Young Irish Film Makers (cathair-bhunaithe)

****

Oibríonn Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh le forbairt ealaíon agus cultúrtha a chur chun cinn ar fud an chontae. Is é atá mar chroílár na straitéise seo ná tionscnú agus caomhnú páirtnéireachtaí idir eagraíochtaí a bhfuil aidhmeanna cosúla nó comhlántacha acu.
Is iad príomhchuspóirí na naisc seo ná forbairt phroifisiúnta an lucht cleachtais a chur chun cinn, tacú le rannpháirtíocht an phobail sna healaíona, lán-chumas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus bearnaí sa tsoláthar a aimsiú agus a líonadh. Déanann an Oifig Ealaíon freisin naisc eadar-rannógacha laistigh den údarás áitiúil a dhaingniú d'fhonn cistí agus acmhainní a roinnt. Is féidir leas a bhaint as tacaíocht, scileanna agus saineolas ghníomhaireachtaí agus ghrúpaí eile ar mhaithe

le freastal ar phríomh-chuspóirí. Tá ról ag an Oifig Ealaíon freisin sa nuálacht a chur chun cinn agus cumhacht a bhronnadh laistigh de na grúpaí seo.

Feidhmíonn na naisc idir na gníomhaireachtaí, soláthraithe, daoine aonair agus grúpaí pobail go maith faoi láthair agus tarlaíonn gníomhaíocht thar réimse leathan. Mar thoradh ar an gcomhfhuinneamh seo, tá príomhghníomhaíochtaí á seachadadh lena n-áirítear:

- sraith díospóireachtaí agus pléití mar gheall ar na hEalaíona, ar a dtugtar 'MOOT' á sheachadadh faoi láthair ag an Oifig Ealaíon agus Dánlann Butler. Bíonn painéalaithe a bhfuil cáil dhomhanda orthu páirteach sna díospóireachtaí agus spreagtar lán-rannpháirtíocht an lucht féachanna. Táthar ag taifeadadh na ndíospóireachtaí seo agus cuirfear chun cinn agus déanfar margaíocht orthu agus súil len iad a fhoilsiú amach anseo.
- chuaigh an Oifig Ealaíon agus Féile Ealaíon Chill Chainnigh i bpáirt lena chéile ar mhaithe le healaíontóirí nua a chur chun cinn i rith na Féile. As seo d'fhás tionscnamh an-rathúil nua darb ainm VERGE. Tugann sé seo ardán an-luachmhar d'ealaíontóirí dona gcuid oibre maraon le mór-thacaíocht ón bhFéile. Faightear cnuas-mhargaíocht/cur chun cinn trí chlár na Féile maraon le poiblíocht ghinearálta agus CP.
- Tairgíodh roinnt chónaitheachtaí do Choláiste Urmhumhan ins an *Endangered Studios* i rith 2004. Maraon leis seo, tairgítear áiteanna san Oifig Ealaíon do mhic léinn a gcuirtear comhairle orthu freisin i dtaobh chúrsaí, léachtanna agus imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith tairbheach dóibh. Tá sé i gceist an nasc neamhfhoirmeálta seo a dhaingniú go foirmeálta i rith 2005 agus leathnófar scóp an tionscnaimh.

- Tugann scoláirí ón Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearthóireachta (NCAD) cuairt ar Chill Chainnigh ar bhonn bliantúil agus bíonn caidreamh idir iad agus mic léinn Choláiste Urmhumhan chomh maith le bheith ag glacadh páirt in dtionscnaimh shainiúla.
- Tugann an t-údarás áitiúil maoiniú agus tacaíocht d'Amharclann Watergate agus do Theach Rothe.
- Maoiníonn an t-údarás áitiúil freisin fiontair áitiúla ar nós Dealbhadóireacht i gCeannanas, Amharclann Barnstorm, Ceolchoirmeacha Dhubhuisce srl. agus tá ballraíocht dá mBord ag an oifigeach Ealaíon.

Príomhghníomhaíochtaí

Leanfaidh an Oifig Ealaíon de bheith ag tabhairt tacaíochta, ag cothú agus ag neartú an fhuinnimh a bhaineann leis na hEalaíona i gCill Chainnigh. Oibreoidh sí le fuinneamh nua a chothú agus le tionscnaimh a spreagadh ar fud na hearnála do chleachtóirí, lucht féachanna agus spéis-ghrúpaí araon.

Infrastruchtúr

Leanfaidh an t-údarás áitiúil ag pleanáil, ag tabhairt tacaíochta agus ag formhuiniú grúpaí nó gníomhaireachtaí eile ina gcuid pleananna le haghaidh bonneagar ealaíon a fháil, ar fud na cathrach agus an chontae.

Gníomhartha:

- leanúint le spás stiúidió/spás cleachta/léiriúcháin a aimsiú
- forbairtí eile a fhormhuiniú agus tacú leo (m.sh KCAT, Mainistir Challainn, Stáisiún Mhic Dhonnchadha, Forbairt Chesterbridge)

- spás na scríbhneoirí cónaitheacha a fhorbairt agus a bhainistiú
- Uimh. 72 Sráid Eoin a fhorbairt agus a inbhuanú mar acmhainn le haghaidh taispeántas agus ócáidí.

Forbairt Ghairmiúil agus Cleachtóra

Éascóidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh forbairt ghairmiúil ar chleachtóirí ealaíon chun go mbeidh siad ábalta an cumas is mó atá acu a bhaint amach agus féidearthachtaí nua a iniúchadh. Tabharfar faoi chuid mhaith de na tionscnaimh sin i gcomhpháirtíocht le soláthraithe ealaíon nó le soláthraithe seirbhíse oideachais eile.

Gníomhartha:

- sparánachtaí a mhéadú, chun cur ar chumas cleachtóirí a gcuid eolais, taithí agus a saineolais a leathnú agus mar thoradh air sin a slite beatha a chur chun cinn tuilleadh
- comhairle agus tacaíocht a sholáthar ár ábhair phraiticiúla mar mhaoiniú, forbairt tograí srl.
- Cainteanna agus díospóireachtaí MOOT ar ealaíona comhaimseartha.
- cúrsaí forbartha agus tionscnaimh
- tacaíocht do chleachtóirí chun spásanna malartacha a aimsiú le haghaidh ócáidí agus tograí.

Cuimsitheacht, Pobal & Oideachas

Déanfaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh forbairt agus seachadadh ar chlár Ealaíon Pobail uilechuimsitheach chun an tuairim a dhíbirt go bhfuil scothroghnachas i bhfeidhm san earnáil. Déanfaidh an Oifig Ealaíon, trí chomhpháirtíocht le grúpaí eile, seachadadh ar chlár gníomhaíochtaí áit a mbeifear in ann taitneamh

agus leas a bhaint as na healaíona agus a mbeidh uirlis ag daoine d'fhoghlaim saoil.

Gníomhartha:

- riarfar sparántacht bhliantúil shonrach chun eolas agus saineolas cheannairí grúpaí pobail a mhéadú
- tabharfaidh an Oifig Ealaíon comhairle agus aimseoidh sí saineolas cuí do ghrúpaí agus do dhaoine aonair
- riarfar Deontas an Achta Ealaíon go bliantúil
- leanfaidh an Oifig Ealaíon ag tacú agus ag formhuiniú obair na ngrúpaí agus na ndaoine aonair a gcuidíonn a gcuid oibre le hobair na hOifige Ealaíon
- déanfaidh an Oifig Ealaíon comhordú ar Lá Ealaíon do Leanaí i gCill Chainnigh
- leanfaidh an Oifig Ealaíon ag tabhairt tacaíochta agus ag cuidiú le gníomhaíochtaí ealaíon laistigh de leabharlanna contae agus cathrach
- leanfaidh an Oifig Ealaíon ag obair le hinstitiúidí tríú leibhéal
- riarfaidh an Oifig Ealaíon fóirdheontas oiliúna le sealfhostaíocht a fháil in eagraíocht ealaíon ghairmiúil áitiúil
- tabharfaidh an Oifig Ealaíon tacaíocht do dhuine aonair (nó do roinnt daoine) chun taispeántais a shlánú in ionad náisiúnta nó idirnáisiúnta
- tabharfaidh an Oifig Ealaíon tacaíocht do dhaoine aonair chun freastal ar chomhdhálacha/máistir-ranganna a bheidh oiriúnach dá gcleachtas.

Dearscnacht agus Nuálacht

Oibreoidh an t-údarás áitiúil le gníomhaireachtaí cuí chun tograí agus forbairtí a sheachadadh a bheidh dírithe ar na healaíona agus ar ionannas cultúrtha Chill Chainnigh a neartú.

Gníomhartha:

Ina measc sin beidh 72 Sráid Eoin, an spás do scríbhneoirí cónaitheacha i ndeisceart an chontae agus an tSaoráid Chultúrtha Comhtháite atá beartaithe.

Naisc Chomhpháirtíochta agus Tionscadail arna Maoiniú ag an gComhairle Contae

Coinneoidh Oifig Ealaíon Chontae Chill Chainnigh comhpháirtíochtaí reatha agus féachfaidh sí le cinn nua a chur ar bun le heagraíochtaí a bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí comhchosúla nó cuiditheacha acu.

Gníomhartha:

- comhoirbiú le heagraíochtaí mar Dhánlann Butler agus le hinstitiúidí tríú leibhéal chun cur le forbairt ghairmiúil na gcleachtóirí
- leanúint ag comhoibriú le Féile Ealaíon Chill Chainnigh ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'obair chleachtóirí áitiúla agus an obair sin a chur chun cinn
- oibriú i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla agus le gníomhaireachtaí acmhainne pobail chun rochtain agus rannpháirtíocht do chách a spreagadh
- cumhacht a thabhairt do ghrúpaí, do cheannairí grúpaí agus do dhaoine aonair ó thaobh ócáidí agus gníomhaíochtaí a éascú
- leanúint ag inbhuanú agus ag tacú le hobair Chompántas Amharclainne Barnstorm, Ceolchoirmeacha Dhubhuisce, Amharclann Watergate, Teach Rothe, Dealbhadóireacht i gCeannanas agus Club Ceoil Chill Chainnigh
- leanúint ag riaradh na nDeontas faoin Acht Ealaíon ar bhonn bliantúil
- comhoibriú le ranna eile laistigh de Chomhairle Contae Chill Chainnigh

An Oifig Ealaíon: Struchtúr & Ról

An Oifig Ealaíon a Inbhuanú agus a Fhorbairt

Déanfaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh forbairt, comhordú agus spreagfaidh sí agus tabharfaidh sí ionsparáid chun gníomhaíocht ealaíonta a chur faoi lán tseoil ar fud na cathrach agus an chontae. Cuirfidh sí na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht ar fiú do gach duine a bheith páirteach inti, ag soláthar comhairle agus tacaíochta do ghrúpaí agus do dhaoine aonair.

Feidhmeoidh an ghníomhaíocht sin mar infheistíocht don phobal, don gheilleagar áitiúil, agus don earnáil turasóireachta agus oidhreachta agus cuideoidh sí chun sláinte chultúrtha an chontae amach anseo a chinntiú.

Neartóidh an ghníomhaíocht seo tuilleadh an seasamh atá ag Cill Chainnigh mar ionad ealaíon den scoth agus cinnteoidh sí go mbeidh timpeallacht ealaíon rathúil agus séanmhar laistigh den réigiún.

Gníomhartha:

- féachfar leis an leibhéal maoinithe a infheistíonn na húdaráis áitiúla sna healaíona a mhéadú
- oibreofar chun breis infheistíochta a mhealladh ó eagraíochtaí, ó ghnóthaí agus ó ghníomhaireachtaí maoinithe
- oibreofar chun scaipeadh eolais a fheabhsú trí nuachtlitir gréasán-bhunaithe a fhorbairt
- cinnteofar go gcuirfear na hacmhainní reatha agus an pearsanra is fearr i mbun oibre
- cuirfear, nuair is cuí, eolas agus saineolas bhainisteoirí tionscadail agus foireann theicniúil ag obair chun ócáidí agus gníomhaíochtaí a éascú

Faireachán agus Luacháil

Trí fhaireachán agus luacháil a dhéanamh ar gach gníomhaíocht beidh deis ag an Oifig Ealaíon fáil amach mar a éiríonn le tionscnaimh, nó mar a theipeann orthu agus an fiúntas a bhíonn acu. Is feidhm bhunúsach de chuid na hOifige Ealaíon é sin. Is uirlis riachtanach é chun cáilíocht agus an scoth a chosaint agus chun caighdeáin a ardú ar fud gach gníomhaíochta.

Gníomhartha:

- nuair is féidir déanfaimid luacháil chruthaitheach agus leis sin cur ar chumas ghrúpaí a bheadh i mbaol a bheith fágtha ar lár a gcuid tuairimí a chur ar fáil
- baileoimid aiseolas ó rannpháirtithe, páirtithe agus ó lucht féachana ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil
- baileofar tuarascálacha agus scaipfear iad ar an Stiúrthóir Pobail agus Fiontair agus ar CPS 5
- rachaidh an t-aiseolas sin ansin isteach i straitéisí amach anseo agus cuirfear ar ár gcumas aird a tharraingt ar shamplaí dea-chleachtais agus aitheantas a thabhairt dóibh
- féachfaimid chuig eagraíochtaí eile lena n-áirítear an Chomhairle Ealaíon, údáráis áitiúla eile agus comhlachtaí comhairleoireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta ó thaobh forbairtí san earnáil seo.

Acmhainní

Braitheann feidhmiú iomlán na Straitéise seo ar roinnt ghnéithe:

Áirítear leo sin:

- an áitreabh reatha atá ag an oifig ealaíon a inbhuanú agus a fhorbairt
- leibhéil mhaoinithe cuí a chinntiú

- leibhéil thacaíochta cuí a chinntiú, laistigh den údarás áitiúil agus ó chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha
- struchtúir fhoirne cuí a chruthú agus a chothabháil laistigh den oifig ealaíon
- an cumas bainisteoirí agus teicneoirí tograí a fhostú, leis an saineolas cuí, chun tograí sonracha a chur ag obair
- oiliúint foirne leanúnach, nuair is cuí.

An Oifig Ealaíon: Struchtúr & Ról

Ionas go mbeidh soiléireacht ag cleachtóirí agus ag grúpaí páirtithe agus chun feidhmiú réidh na hOifige Ealaíon a chinntiú, tá sé tábhachtach go dtugaimid sainmhíniú ar aidhm, feidhm agus ar ról cinnte an Oifigigh Ealaíon.

Is í feidhm an Oifigigh Ealaíon:

- gníomhaíocht ealaíonta a fhorbairt agus a chomhordú ar fud an chontae
- cleachtóirí a spreagadh, ionsparáid agus cumhacht a thabhairt dóibh san earnáil
- díograis sna healaíona a spreagadh agus ionsparáid a thabhairt dó agus é a chur chun cinn mar ghníomhaíocht luachmhar, dhearfach agus fhiúntach do chách
- comhfhuinneamh cathrach agus contae a chinntiú laistigh de na healaíona trí ealaíona áitiúla agus cathrach go contae a spreagadh
- comhairle, cúnamh agus tacaíocht a sholáthar do dhaoine aonair agus do ghrúpaí
- oibriú chun na healaíona a choinneáil ar chlár oibre an chontae ar fad
- oibriú chun na healaíona a thabhairt chomh fada le pobal níos leithne trí chomhpháirtíochtaí agus naisc

- oibriú le soláthraithe oideachasúla ionas gur rogha réadúil slí bheatha a bheidh sna healaíona
- rannpháirtíocht a leathnú trí lucht féachana níos mó agus rannpháirtíocht cleachtóirí
- tús a chur le hoiliúint forbartha gairmiúil agus pearsanta
- Deontas faoin Acht Ealaíon agus sparánachtaí bliantúla a riaradh
- Céatadán do Scéim Ealaíne – arna riaradh le hOifig Ailtire na Comhairle Contae agus i gcomhar leis na Ranna Bóithre agus Tithíochta
- an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní airgeadais agus pearsanra atá ar fáil
- comhfhuinneamh comhpháirtíochta agus malartú scileanna a éascú idir ghrúpaí, daoine agus gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu leis na healaíona
- tacaíocht.

Deontas an Achta Ealaíon a Riaradh

Faigheann grúpaí agus tograí éagsúla maoiniú trí Dheontas an Achta Ealaíon, a riartar tríd Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a chuireann na healaíona chun cinn, a dhéanann forbairt ar an eolas, an tuiscint nó an cleachtas a bhaineann leis na healaíona iarratas a dhéanamh ar an deontas seo. Glactar gurb iad na hEalaíona a áirítear leis sin: Na Físealaíona, Ceol, Drámaíocht, Scannánaíocht (lena n-áirítear físeáin), Ceardaíocht Ealaíonta, Litríocht, Rince agus Grianghrafadóireacht.

Tá foráil le haghaidh tacaíochta i nDeontas an Achta Ealaíon faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Grúpaí agus Eagraíochtaí a chuireann na hEalaíona chun cinn
- Deontas chun Trealamh a Cheannach

agus,

- Ealaíontóirí Aonair atá ina gcónaí i gCill Chainnigh – gach foirm ealaíne (i gcás tograí ar leithligh, Taighde agus Forbairt agus Forbairt Ghairmiúil).

An Oifig Ealaíon a Inbhuanú agus a Fhorbairt

Is Cathair agus Contae í Cill Chainnigh atá ag cur thar maoil leis an gcruthaitheacht, samhlaíocht, intleachtacht agus scil. Bíonn sraith ócáidí, eagraíochtaí agus cleachtóirí Ealaíon againn ina léirítear talainn mhór agus acmhainneacht. Bhíodh maoiniú agus tacaíocht don Oifig Ealaíon ag braith riamh ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus ar Chomhairle Ealaíon an hÉireann. Ach braitheann an leibhéal tacaíochta a fhaightear ón gComhairle Ealaíon, áfach, ar an leibhéal tacaíochta a fhaightear tríd an gComhairle Contae. Ní bheidh maoiniú ón gComhairle Ealaíon inbhuanaithe mura ndéantar cothabháil ar mhaoiniú ón Údarás áitiúil agus é a mhéadú mar is cuí.
Is tréimhse dhúshlánach agus bhríomhar í seo don Oifig Ealaíon i gCill Chainnigh agus don earnáil ealaíon tríd is tríd. Bheadh sé ceart a rá nach raibh mianaidhmeanna agus ionchais ó chleachtóirí, ón bpobal ná ó chuairteoirí riamh chomh hard. Tá deiseanna iontacha ann mar gheall ar an spás nua atá againn don Oifig Ealaíon, mar thoradh ar thionscnaimh pobail a tharla le déanaí agus an phoiblíocht atá faighte ag an Oifig Ealaíon sna meáin do chleachtóirí aonair agus do thionscnaimh grúpaí. Tá formhuiniú náisiúnta fiúntach faighte ag go leor tograí ó ghníomhaireachtaí mar an Chomhairle Ealaíon.

Ní mór dúinn an seasamh reatha sin a chothabháil agus a fhorbairt agus breis forbairtí cultúrtha a chur chun cinn agus iad a sheachadadh.

Mhaoinigh Scéim CE an Lucht Siúil agus Ealaíon FÁS agus lonnaigh sé foireann thacaíochta san Oifig Ealaíon ar feadh 13 bliain go dtí gur cuireadh deireadh leis an scéim i 2003. Mar thoradh air sin tá ioncam agus lucht pearsanra caillte ag an Oifig. Mar sin sáraíonn aschur reatha na hOifige Ealaíon cumas reatha agus acmhainní reatha. Braitheann éascú agus riaradh tionscadal reatha go mór ar dea-thoil agus ar iarrachtaí deonacha. Mar gheall air tá neamhchinnteacht agus míshuaimhneas le braith laistigh den oifig. Caithfear smaointeoireacht chúramach agus gníomh a dhéanamh maidir le conas aschur reatha a inbhuanú agus a chur chun cinn.

Teastaíonn gníomhartha go práinneach le bheith mar bhonntaca agus chun tacú le hobair na hOifige Ealaíon. Ionas go dtiocfaidh borradh faoi na healaíona i gCill Chainnigh beidh géarghá le soláthar breise, tacaíocht agus cúnamh ó chomhlachtaí, eagraíochtaí agus gnóthaí lena n-áirítear Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh. Beidh comhoibriú éifeachtach laistigh de ranna na Comhairle Contae agus idir ghníomhaireachtaí lasmuigh riachtanach má táthar chun dul ar aghaidh, saibhriú agus leathnú. Caithfidh Buiséad Ealaíon a bheidh sainmhínithe go soiléir agus comhaontaithe a bheith i bhfeidhm ar bhonn bliantúil. Choinnigh an tOifigeach Ealaíon le déanaí duine amháin den lucht pearsanra ach teastaíonn breis foirne má táthar chun cumas na hOifige a nochtadh go hiomlán. Measann an tOifigeach Ealaíon faoi láthair go dteastóidh ceathrar ball foirne breise chun tacú leis an leibhéal gníomhaíochta ealaíonta atá ag tarlú ar fud na cathrach agus an chontae:

- oifigeach riaracháin/cléireachais le haghaidh bainistíocht oifige, cothabháil bunachair sonraí, poiblíocht, scaipeadh eolais srl.
- comhordaitheoir tograí le haghaidh forbairt lucht féachana agus cláir rochtaine

- baill fhoirne speisialtach chun tionscadail shonracha a riaradh.

Má éiríonn linn dóthain acmhainní a shlánú agus a chothabháil laistigh d'Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh beidh ar ár gcumas:

- Líon agus an tábhacht atá lenár gclár taispeántais reatha a leanúint agus forbairt bhreise a dhéanamh air
- Scóp agus líon na sparánachtaí atá ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair a fheabhsú agus a mhéadú
- Cur leis an leibhéal comhairle agus tacaíochta a chuirtear ar fáil ionas go mbeidh grúpaí agus daoine aonair féin-inbhuanaithe
- Raon reatha na gceardlann agus na gcúrsaí a inbhuanú agus a leathnú
- neartófar agus méadófar comhpháirtíochtaí agus naisc
- bainfidh níos mó grúpaí agus daoine aonair buntáiste as tacaíocht agus comhairle
- bainfidh an Oifig Ealaíon nua, Uimhir 72, amach a cumas iomlán
- bainfear amach an cur chuige cruthaitheach agus nuálach a theastóidh chun rathúlacht agus buntáiste a bhaint amach
- cuirfear leis an gcumas atá againn faireachán, taighde agus luacháil a dhéanamh ar ionchais agus ar riachtanais. Beidh tionchar dearfach aige sin ar chlárú agus bainfear an úsáid is fearr as maoiniú agus as acmhainní.

Faireachán agus Luacháil

Faireachán

Is é an príomh-mhodh a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na straitéise seo ná trí chruinnithe rialta idir an Oifig Ealaíon, Stiúrthóir na Roinne Pobail agus Fiontair den údarás áitiúil agus an Coiste

Polasaí Straitéiseach 5, (maoiniú Ealaíon, Spórt, Turasóireachta, Cultúir agus Oidhreachta).

Teastaíonn anailís shonraithe a dhéanamh ar an obair bhliantúil ar fad a dhéantar chomh maith leis an gclár gníomhaíochta a shamhlaítear don bhliain ina dhiaidh sin chun iarratas maoinithe a dhéanamh ar an gComhairle Ealaíon agus chun meastacháin a ullmhú.

Go hinmheánach, déanann an Oifig Ealaíon faireachán agus imscrúdú ar ghníomhaíochtaí ar bhonn leanúnach. Déanann sí cothabháil ar chomhaid shonracha ó thaobh poiblíocht agus margaíocht a dhéanamh ar gach ócáid. Bíonn na sonraí sin ar fáil don phobal agus cuidíonn sé chun tuiscint a mheadú faoi ról agus feidhm na hOifige Ealaíon.

Tá píosa a bhaineann leis an Oifig Ealaíon le fáil i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Chill Chainnigh a tharraingíonn aird chomh maith ar obair na hoifige.

Luacháil

Tugann luacháil deis dúinn fáil amach cé mar a d'éirigh nó mar a theip ar an obair ar tugadh fúithi, chomh maith leis an gciall agus an luach a bhí ag an obair sin. Is uirlis thábhachtach í de bhrí go gcuidíonn luacháil linn a chinntiú go ndéantar seachadadh ar ócáidí agus ar ghníomhaíochtaí éifeachtacha agus tugann sé deis dúinn tosaíocht chruinn a thabhairt do gach polasaí agus tionscnamh.

Braitheann luacháil mhaith ar thús áite a thabhairt do phríomhghnéithe 'togra' roimh an ócáid. Ar an mbealach sin, bíonn aiseolas bunaithe ar chritéir a bhíonn réamhchinnte, .i. na haidhmeanna, cuspóirí agus beartas

chun go n-éireoidh le pé rud a dtugtar faoi. Trí luacháil a leagan amach ar an mbealach sin cinntítear go mbailítear sonraí a bheidh cuiditheach agus fiúntach.

Tabharfaidh luacháil réasúnta deis dúinn ár gcuid gníomhaíochtaí a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Cuideoidh sé linn chomh maith mar a d'éirigh nó mar a theip ar gach gníomhaíocht a aithint, a thuiscint agus gníomhú orthu, agus a chinntiú dá réir sin:

- go ndéantar feabhsúchán leanúnach
- go n-ardaítear caighdeáin
- go n-athraíonn gníomhaíochtaí/tograí thar tréimhsí ama
- go mbeidh gach duine a bheidh rannpháirteach in ann a gcleachtas a athrú agus a fhorbairt
- go ndéanfaidh tionscadail ealaíon éascú ar foghlaim ar feadh an tsaoil

  agus,
- ar leibhéal praiticiúil, go mbainfear úsáid éifeachtach agus éifeachtúil as maoiniú.

Cuirfidh sé ar ár gcumas freisin a chur in iúl go mbainfidh gach duine leas as a bheith rannpháirteach sna healaíona.

Deiseanna Comhionannais

Caithfidh luacháil a bheith leagtha amach ar bhealach a thabharfaidh deis do gach duine tuairim a thabhairt. Ní fhéadfaidh an próiseas seo aon duine a fhágáil ar lár ar bhunús inscne, cine, claonadh gnéis, cúlra sóisialta nó míchumais. Tá deiseanna go leor laistigh de na healaíona

luacháil chruthaitheach a dhéanamh agus cur ar chumas grúpaí a bheadh i gcontúirt a bheith fágtha amach a gcuid tuairimiú a chur in iúl.

Modhanna Luachála

Bíonn sé deacair luacháil a dhéanamh ar thograí ealaíon-bhunaithe. Ní mór do na modhanna luachála a roghnaítear le haghaidh gníomhaíochtaí den tsórt sin a bheith solúbtha agus in ann dul in oiriúint ionas go mbeifear in ann iad a mhodhnú d'ócáidí difriúla ar leith. Beidh ár gcuid modhanna faireacháin agus luachála bunaithe ar aiseolas a bhailiú ó rannpháirtithe, comhpháirtithe agus ó lucht féachana ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

I measc na mbealaí a mbaileoimid fianaise beidh:

1. breathnadóireacht
2. boscaí agus leabhair thuairimí
3. ceistiúcháin
4. cainteanna i ngrúpaí fócais beaga
5. dialanna scríofa agus líníochtaí
6. Ballaí 'Graifítí'
7. grianghrafadóireacht
8. físeán
9. taispeántais d'obair nó léiriúcháin
10. ag bailiú líon na gcuairteoirí
11. tuairiscí ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí.

Gan amhras cuirfear na torthaí a bhí ar luacháil a rinneamar féin agus tuairiscí a fuaireamar ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí ag obair i straitéisí amach anseo agus cuirfidh siad ar ár gcumas aird a tharraingt ar shamplaí dea-chleachtais agus aitheantas a thabhairt dóibh.

Féachfaimid chuig eagraíochtaí eile chomh maith lena n-áirítear an Chomhairle Ealaíon, údaráis áitiúla eile agus comhlachtaí comhairleoireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta chun fanacht ar an eolas faoi phríomhfhorbairtí laistigh dá n-earnáil.

Críoch

Creidimid go neartaíonn rannpháirtíocht in iarrachtaí cruthaitheacha pobail áitiúla, go ndéantar comóradh ar chomh héagsúil is atáimid agus go gcuireann sé le maorgacht áitiúil.

> Féachtar go minic ar Chill Chainnigh mar Mheice d'ealaíontóirí, déantóirí agus iad sin a bhfuil spéis acu sna healaíona. Meallann an chathair agus an contae cleachtóirí aonair, lucht féachana agus eagraíochtaí. Cuireann ár bpacáiste turasóireachta ár gcathair agus ár gcontae chun cinn mar 'Croílár Cruthaitheachta na hÉireann' agus níor chóir go gcuirfeadh an scéal mar atá sé díomá ar aon duine.

De bhrí go bhfuil an Chomhairle Náisiúnta Ceardaíochta, an Chomhairle Oidhreachta againn anseo agus de bhrí go bhfuil sé beartaithe ag an gComhairle Ealaíon bogadh chuig Cill Chainnigh tá beartas dearfach cruthúnais ansin go bhfuil croí cruthaitheach Chill Chainnigh go deimhin beo bríomhar. Mar sin féin, tá an chontúirt ann go bhféachfar ar ár sláinte ealaíonta mar rud atá ró-dhearfach. Gan an cleachtóir riachtanach, na tacaithe infrastruchtúrtha, pobail agus oideachasúla ní féidir linn a chinntiú go ndéanfaidh an earnáil forbairt amach anseo. Gan aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leis na healaíona agus gan dóthain foirne agus tacaithe airgeadais, beidh amhras ann faoi inmharthanacht na hearnála.

Tá ionannas cultúrtha agus ealaíonta ar leith ag Cill Chainnigh nach mór a choinneáil, a láidriú agus a fhorbairt ar bhealaí nua agus nuálacha chun neart chruthaitheach agus éagsúlacht chultúrtha na cathrach agus an chontae a nascadh.

Táthar ag súil go spreagfaidh an straitéis seo díospóireacht, go méadóidh sí comhoibriú agus go n-ardóidh sí próifíl agus caighdeáin an tionscail; agus go dtabharfar léargas bríomhar agus tuinseamh nua do na healaíona agus don chultúr i gCill Chainnigh.

Aguisín 1

Iniúchadh Ealaíon – Bunachar Sonraí Reatha ó Ghrúpaí Cleachtóra

Ealaíontóirí Amaitéaracha	25
Ealaíontóirí Lánaimseartha	137
Teagmhálacha i gcás ócáidí chlasaiceacha	58
Grúpaí pobail	19
Oibrithe ceardaíochta	56
Grúpaí drámaíochta	27
Scannáin, físeáin, grianghrafadóireacht	32
Grúpaí Ceoil	25

Ceoltóirí	19
Eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla	10
Grúpaí péintéireachta	5
Ionaid Amharclainne	7
Éascaitheoirí ceardlainne	28
Grúpaí Scríbhneoirí	7
Scríbhneoirí	131
Eagraíochtaí Óige	29

Aguisín 2

Ionaid/Infrastruchtúr atá ann cheana féin

Amharclann

Barnstorm

Cineplex

Cleere's

Halla na Mainistreach

Leabharlann: (cathair agus contae)

Scoileanna: (cathair agus contae)

Túr na Paráide

Watergate.

Ceol

Anna Conda

Aimfitéatar Bhaile Uí Chaoimh

Halla Castalia, Baile Tóibín

Tábhairne Cleere

Mainistir Dhubhuisce

Kyteler's Inn

Tábhairne Langton

Páirc Uí Nualláin

O'Loughlins

Pump House

Tábhairne Uí Riain

Scoileanna: (cathair agus contae)

Ardeaglais Nmh. Caineach

Ardeaglais Nmh. Muire

Túr na Paráide

Watergate

Teach & Gairdíní Woodstock

Tábhairne Morrisseys

agus go leor eile

Rince

Hallaí Pobail

Scoileanna: (cathair agus contae)

Amharclann Watergate.

Na hAmharcealaíona

72 Sráid Eoin

Dánlann Berkeley

Dánlann Butler

Caiféanna

Dánlann Ealaíne Chill Chainnigh

Tailte Chaisleán Chill Chainnigh

Comhairle Contae Chill Chainnigh: Halla an Chontae

Leabharlann: (cathair agus contae)

Áitribh Mhiondíola

Scoileanna: (cathair agus contae)

An Mhainistir, Callainn

The Green Door

An Dánlann Náisiúnta Ceardaíochta (Comhairle Ceardaíochta na hÉireann)

Buíochas

Ba mhaith le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh aitheantas a thabhairt don chúnamh agus don tacaíocht a thug:

- <u>An Coiste Straitéise Ealaíon:</u>
- Philip Cullen
- Vincent Dempsey
- Grace Kearney
- Maureen Kennelly
- Valerie Mullally
- Dorothy O' Reilly

- Mary Henry, Insight Communications

- Foireann Bhainistíochta Chomhairle Contae Chill Chainnigh

- <u>Baill de Choiste Polasaí Straitéiseach 5 – Ealaíona, Cultúr, Oidhreacht Turasóireachta agus Spórt</u>

- An Clr. Ann Phelan, Cathaoirleach
- An Clr. Tom Brennan
- An Clr. John Coonan
- An Clr. Mary Hilda Cavanagh
- An Clr. Michael O'Brien
- An Clr. Joe Reidy
- An tUas. Coilin O'Driscoll
- Breda MacDonald Uas.
- Jackie Kennedy Uas.
- An tUas. Jim Fogarty

- Baill de Chomhairle Contae Chill Chainnigh
- Baill de Chomhairle Bhuirg Chill Chainnigh

- Iad sin uile sa chathair nó sa chontae a chuidigh agus a dhein tabhartas don chomhchomhairleoireacht phoiblí.

- Foireann na hOifige Ealaíon

Mary Butler, Oifigeach Ealaíon, a thionscnaigh, a chomhordaigh agus a d'fhorbair an Straitéis seo.